# Beartas Grinnfhiosrúcháin - Ógras

<table>
<tr><td>Ógras</td><td colspan="2">Dáta Faofa: Meitehamh 2026</td><td>Dáta athbhreithnithe: Meitheamh 2029</td></tr>
<tr><td colspan="2">Freagrach as faomhadh an pholasaí</td><td colspan="2">Bord Stiúrtha Ógras</td></tr>
<tr><td colspan="2">Freagrach as cur i bhfeidhm an Pholasaí</td><td colspan="2">Stiúrthóir Ógras</td></tr>
<tr><td colspan="2">Freagrach as athbhreithniú an Pholasaí</td><td colspan="2">Stiúrthóir / Cathaoirleach Ógras</td></tr>
</table>

## 1 Ráiteas Beartais

Tá Ógras tiomanta do chosaint agus do leas ár mbaill. Mar chuid den tiomantas seo comhlíonfaidh Ógras an reachtaíocht ábhartha agus an cleachtas is fearr a mholtar maidir le nósanna imeachta earcaíochta agus roghnúcháin d'fhostaithe agus d'oibrithe deonacha araon, agus tabharfaidh an eagraíocht faoi Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána, de réir mar is cuí, mar chuid den phróiseas seo.

## 2 Cuspóir

Is í aidhm na cáipéise seo ná faisnéis agus treoir a sholáthar maidir le nósanna imeachta um Ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána laistigh de Ógras.

## 3 Raon feidhme

Baineann an beartas seo le fostaithe agus saorálaithe Ógras a dhéanfaidh "obair ábhartha" le leanaí agus/nó le daoine fásta leochaileacha mar a shainmhínítear iad san Acht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012. (Féach Aguisín). Déantar Grinn Fhiosrúchán ar gach ball foirne, gach ceannaire agus gach ball den Bhord Stiúrtha chomh maith le ceannairí óga 16-17 bliain d'aois a bhíonn ar a pá rolla le haghaidh aon tréimhse ama. Is ar Stiúrthóir Ógras atá an fhreagracht as a chinntiú go gcuirtear an beartas seo i bhfeidhm go héifeachtach. Bítear ag súil go n-éascóidh agus go dtacóidh gach ball foirne agus saorálaí eile in Ógras le cur i bhfeidhm an bheartais seo.

## 4 Gluais de Théarmaí agus de Shainmhínithe

**An Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (BNG)** - Tá an Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána (BNGGS) freagrach as grinnfhiosrúchán faoi na hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Leochaileacha) 2012–2016, Airteagal 10(3) de Threoir AE 2011/93/AE, agus an tAcht um Thaifid Choiriúla (Malartú Faisnéise) 2019.

**Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána**:

Seo an próiseas trína nochtann an BNG sonraí maidir le "ionchúisimh, cinn a bhíonn rathúil nó nach mbíonn, fós idir láimhe nó curtha i gcrích, agus/nó ciontuithe" maidir le duine aonair agus le toiliú an

duine sin dá bhfostóir ionchasach agus/nó don eagraíocht ar mhian leo obair dheonach a dhéanamh dóibh. (Tabhair faoi deara, led' thoil, nach féidir ciontuithe nár éirigh leo a nochtadh.)

**Cuibhreannas Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána don Obair Óige**

Comhairle Náisiúnta Óige na hÉireann (CNOÉ), 3 Sráid Montague, Baile Átha Cliath 2**, a nglaoitear an** Eagraíocht Chláraithe air as seo ar aghaidh

AGUS

An **Eagraíocht Ábhartha (Cleamhnaithe)** – Ógras, dá nglaitear anseo feasta air **Comhalta den Chuibhreannas**.

**Comhalta den Chomhchuibhreannas**

Eagraíocht Ábhartha (Ógras) a úsáideann seirbhísí na hEagraíochta Cláraithe (NYCI) chun fostaithe agus oibrithe deonacha ionchasacha a ghrinnfhiosrú, agus chun fostaithe agus oibrithe deonacha i róil ábhartha a athghrinnfhiosrú gach trí bliana.

**An tAcht um Ghrinnfhiosrúchán**

Tagraíonn sé do na hAchtanna um mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Leochaileacha) 2012–2016. Ciallaíonn an "tAcht um Chosaint Sonraí" na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988, 2003, 2011, 2018.

**Oifigeach Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána**

Sin an duine a cheapann feidhmeannach sinsearach in Ógras chun gníomhú mar phríomhphointe teagmhála le comhairle Naisiúnta na nÓg. Ní chuirfear nochtuithe grinnfhiosrúcháin in iúl ach don Oifigeach Grinnfhiosrúcháin – (Maedhbh Ní Dhónaill, Stiúrthóir Ógras).

**Riarthóir Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána**

Sin an dara duine (ról roghnach – Risteard Ó Fuaráin, Oifigeach Forbartha na Mumhan) a ainmníonn an Comhalta den Chuibhreannas agus ar féidir leis cumarsáid a dhéanamh leis an Eagraíocht Chláraithe maidir le riarachán iarratas grinnfhiosrúcháin amháin.

**Duine atá faoi Ghrinnfhiosrúchá (Vetting Subject)**

Fostaí nó oibrí deonach reatha nó ionchasach le balleagraíocht den Chuibhreannas, a oibríonn nó a oibreoidh i ról ábhartha.

**Ciallaíonn an Duine Teagmhála**

An duine nó na daoine ainmnithe agus oilte laistigh den Eagraíocht Chláraithe – NYCI, a ghlacann le hiarratais ghrinnfhiosrúcháin agus a chuireann ar aghaidh iad thar ceann an Chomhalta den Chuibhreannas chuig an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin, agus a fhilleann nochtuithe grinnfhiosrúcháin ar an gComhalta, ag cinntiú próiseas cuntasach agus iniúchta.

**Nochtadh Grinnfhiosrúcháin**

Toradh iarratais ghrinnfhiosrúcháin a thugann an Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin.

**Ceartas Aiceanta:**

Go bunúsach tá dhá chuid a bhaineann le Rialacha an Cheartais Aiceanta, an chéad cheann síolraithe ón nathán Laidineach "audi alteram partem" (Éist leis an taobh eile). Is é seo an dualgas atá ann deis réasúnach a thabhairt do dhaoine a bheadh thíos leis ag cinneadh, a gcás féin a chur i láthair. Tá an dara cuid de Rialacha an Cheartais Aiceanta síolraithe ón nathán Laidineach "nema judex in causa sua" (ní féidir le duine ar bith a bheith ina bhreitheamh ar a chúis féin). Cruthaíonn sé seo dualgas gníomhú go cóir, éisteacht le hargóintí, agus teacht ar chinneadh ar bhealach nach bhfuil claonta.

**Páiste**:
Duine faoi 18 mbliana d'aois.

**Aosach Leochaileach**:
Duine, seachas leanbh atá - ag fulaingt ó neamhord intinne, cibé acu mar thoradh ar thinneas meabhrach nó néaltrú; faoi mhíchumas intleachtúil; atá ag fulaingt ó lagú corpartha, cibé acu mar thoradh ar dhíobháil, ar bhreoiteacht nó ar aois, nó faoi mhíchumas coirp, atá de shaghas nó de shaghas a chuireann srian ar chumas an duine é féin a chosaint ar dhochar ó dhuine eile nó, mar thoradh air sin, go dteastaíonn cúnamh ón duine le gníomhaíochtaí an tsaoil laethúil, iad féin a ghléasadh, a bheathú, siúl, iad féin a ní, agus mar sin de, san áireamh.

## 5 Prionsabail

Níl i nGrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána ach ceann amháin de roinnt eilimintí a chuireann Ógras i bhfeidhm ar mhaithe le cosaint agus le sábháilteacht na leanaí agus/nó na ndaoine fásta leochaileacha atá faoina chúram a chinntiú. Cuirfear scagadh earcaíochta oiriúnach (agallaimh, tagairtí a sheiceáil san áireamh), cosaint leanaí agus nósanna imeachta sláinte & sábháilteachta, srl. i bhfeidhm in éineacht le Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána.

Ní oibreoidh/ní thabharfaidh duine aonair i mbun oibre dheonaigh le leanaí nó le daoine leochaileacha le hÓgras go dtí go mbeidh grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána críochnaithe agus go dtí go gcuirfidh an Duine Teagmhála na torthaí in iúl d'Oifigeach Ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána na heagraíochta.

Ní chiallaíonn taifead coiriúil a bheith ag duine nach bhfostaítear iad nó nach mbeidh cead acu tabhairt faoi obair dheonach. Tabharfaidh cinntí maidir le cead a thabhairt do dhuine le ciontuithe coiriúla roimh ré na nithe seo a leanas san áireamh:

- cumais, scileanna, taithí agus cáilíochtaí an duine aonair;
- cineál an chiontaithe agus a ábharthacht don bpost;
- an tréimhse ama ó tharla an cion;
- an riosca d'úsáideoirí seirbhíse, d'fhostaithe agus don eagraíocht;
- oiliúint a d'fhéadfadh tarlú ó am a rinne an duine an cion

Bainfidh Ógras úsáid as creat um Cheartas Aiceanta chun déileáil le haon nochtadh madir le ciontuithe.

## 6 Próiseas na nIarratas um Ghrinnfhiosrúchán

Déanfaidh Duine Idirchaidrimh, a bhfuil oiliúint ón mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin faighte acu i mbainistiú iarratas agus i nochtadh grinnfhiosrúcháin, próiseálú ar gach iarratas um ghrinnfhiosrúcháin do róil fhostaíochta/um obair dheonach le Ógras. Tá Comhairle Náisiúnta Óige na hÉireann (NYCI) ceaptha ag Ógras chun gníomhú mar Dhuine Teagmhála thar a cheann.

Ainmneoidh Ógras ball foirne amháin chun gníomhú mar 'Oifigeach Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána' (OGGS) (Stiúrthóir Ógras). I measc fhreagrachtaí an OGGS tá:

- Measúnú a dhéanamh nuair is gá tabhairt faoi ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána do gach post fostaíochta/ról mar oibrí deonach i.e. tá "obair ábhartha" le leanaí nó le daoine fásta leochaileacha i gceist leis an ról mar a shonraítear sa Acht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012 go 2016

- A chinntiú go gcuirtear na foirmeacha cearta um ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána ar fáil d'iarrthóirí ar phoist fostaíochta/ar róil dheonacha agus go líontar isteach na foirmeacha go cruinn agus ina n-iomláine, sula gcuirtear isteach iad chuig an Duine Idirchaidrimh.
- Céannacht an duine a chuireann isteach an t-iarratas grinnfhiosrúcháin a fhíorú trí chomhartha aitheantais ábhartha a sheiceáil (e.g. pas, ceadúnas tiomána, cruthúnas seoladh baile reatha).
- A bheith cinnte go gcoimeádtar gach faisnéis phearsanta maidir le grinnfhiosrú faoi rún agus i gcomhréir leis an reachtaíocht agus leis an gcleachtas is fearr um Chosaint Sonraí.
- Faigh síniú bunaidh fliuch agus cinntigh toiliú feasach (deimhnithe leis an mbosca tic seiceáilte)
- Foireann/oibrithe deonacha Ógras a chur ar an eolas faoi Bheartas Grinnfhiosrúcháin na hEagraíochta.

Ainmneoidh Ógras 3 ionadaí ón bhfoireann/ón mBord Stiúrtha chun dul ar "Coiste Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána". Is iad na daoine seo a leanas a bheith ar an Choiste Grinnfhiosrúcháin thar ceann Ógras: Cathaoirleach, Cisteoir agus Rúnaí an Bhord Stiúrtha in éineacht le Stiúrthóir Ógras.

**7 Comhlíonadh eagraíochtúil na mbeartas a bhaineann le Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a chinntiú**

Cabhair a thabhairt don Oifigeach Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána cinntí a dhéanamh maidir le hoiriúnacht iarrthóirí tar éis gur nochtaíodh ciontuithe trí phróiseas ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána.

Má tá an duine atá ag dul faoi ghrinnfhiosrú os cionn 16 bliana d'aois agus faoi 18 mbliana d'aois, tá dualgas orthu foirm thoilithe tuismitheoirí/caomhnóirí atá líonta isteach a chur isteach in éineacht lena bhfoirm iarratais ar ghrinnfhiosrúcháin.

Ní ghlacfaidh Ógras le faisnéis ghrinnfhiosrúcháin stairiúil ó iarrthóirí ar fhostaíocht/ar obair dheonach nó óna fostóirí/óna bainisteoirí deonacha a bhí acu roimhe seo. Caithfear grinnfhiosrú a dhéanamh ar gach fostóir/gach oibrí deonach nua trí phróiseas grinnfhiosrúcháin na heagraíochta, fiú má táthar chun duine a ndearnadh grinnfhiosrú orthu in áit eile cheana. Beidh sé mar riachtanas ag Ógras go ndéanfar grinnfhiosrúchán ar gach ball foirne/gach oibrí deonach atá ann cheana gach tréimhse trí bliana.

**8. Próiseas um Nochtadh Grinnfhiosrúcháin**

Ar fhilleadh dóibh ón mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin, próiseálfaidh an Duine Idirchaidrimh ó Chomhairle Náisiúnta Óige na hÉireann (NYCI) na foirmeacha agus cuirfear Oifigeach Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána in Ógras (Stiúrthóir Ógras) ar an eolas faoina torthaí i ríomhphost.
Cuirfidh an Duine Idirchaidrimh an fhoirm/na foirmeacha aon chiontuithe féideartha nó dóchúla chuig Oifigeach Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána chun go mbreathnóidh siad ar an gcás, agus coimeádfaidh Ógras an cháipéis seo faoi rún.

Nuair nach mbíonn aon chiontuithe, eiseofar tairiscint ar phost/ar ról deonach don iarrthóir de réir nósanna imeachta scagtha/earcaíochta eile na heagraíochta.

I gcás ina nochtar ciontuithe tromchúiseacha, ( e.g. iad siúd atá liostaithe in **10. Cúinsí a bhaineann le tairiscint Oibre/um Obair dheonach a Tharraingt Siar**) seolfar litir chuig an duine ag iarraidh orthu freastal ar chruinniú leis an gCoiste Grinnfhiosrúcháin. Ní féidir leis an litir seo an fhaisnéis atá ar an bhfoirm um

Ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a nochtadh. Is í aidhm an chruinnithe seo ná bealach a thabhairt don iarratasóir (fostaí/oibrí deonach) féachaint ar an bhfaisnéis a chuir an Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin ar ais agus seans a thabhairt dóibh míniú a thabhairt ar na cúinsí a bhaineann leis an gciontú.

Coimeádfar taifead i scríbhinn den chruinniú seo agus déanfar taifead ar am, ar dháta agus ar fhaid an chruinnithe. Ag an gcruinniú seo, cinnteoidh Ógras go dtugtar an deis céanna do gach duine, is cuma cén stair atá acu, agus mar aon leis an gceart a gcás a lua. Tugtar aird ar Athchiontuithe, ar Cheartas Aisiríoch agus ar Athshlánú Ciontóirí. Ní choiscfidh nochtadh an chiontaithe an t-iarratasóir go huathoibríoch an post atá i gceist a fháil. Tugtar aird ar fhéin-nochtadh an iarratasóra nó ar neamhnochtadh ciontú tráth an iarratais agus ar a eispéireas (taifead oibre srl.) Agus athshlánú tar éis aon chiontú a nochtadh.

Nuair is léir go bhfuil ciontuithe iolracha i gceist ach má tharlaíonn sé go mb'fhéidir gur tharla siad mar thoradh ar stíl mhaireachtála áirithe, e.g. andúil drugaí, ansin caithfear an t-athrú ar stíl mhaireachtála a chur san áireamh.

Tabharfar sonraí d'iarratasóirí a dhiúltaíonn aon chiontuithe a chuireann an Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin in iúl faoi conas litir achomhairc a scríobh chun a dtaifid a leasú ag an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin.

Cuirtear in iúl d'iarratasóirí go gcuirfear a bhfoirm ar ais chuig an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin ag lorg soiléirithe i gcás neamhchinnteachtaí.

Déantar ainm agus dáta breithe an iarratasóra a shoiléiriú ag tús an chruinnithe mar tá seans ann go bhféadfadh an Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin botúin a dhéanamh i gcás go bhfuil ainmneacha agus seoltaí cosúil lena chéile.

Déanfaidh Ógras cíoradh ar gach nochtadh um ghrinnfhiosrúcháin óna Gardaí a chuirtear ar ais le ciontuithe ina n-aonar agus déileálfaidh an Eagraíocht leis an iarratasóir le meas, le dínit agus go hiomlán faoi rún.

Aithníonn Ógras go bhfuil trí thoradh ionchasacha ar an gcruinniú athbhreithnithe:

i) De réir an bheartais seo agus ag tógaint gach rud san áireamh, agallaimh, stair reatha agus tagairtí ina measc, d'fhéadfar an post a thairiscint don iarratasóir.
ii) Seoltar an fhoirm ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána ar ais chuig an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin chun tuilleadh soiléirithe a fháil. I gcás mar sin d'fhéadfar an dara cruinniú athbhreithnithe a ghairm.
iii) Déantar an cinneadh nach bhfuil an t-iarratasóir oiriúnach don bpost atá á thairiscint mar thoradh ar na cionta atá déanta acu go stairiúil.

I ngach cás seolfar míniú i scríbhinn ar an toradh chuig an iarratasóir i bhfoirm litreach. Ní mór taifead den litir seo, leis dáta seolta na litreach ina measc, a choimeád. Ní mór taifead a choimeád d'aon freagraí a fuarthas agus d'aon obair a d'eascair as.

## 9 Rúndacht agus Cosaint Sonraí

Coimeádfar an fhaisnéis go léir sa phróiseas grinnfhiosrúcháin ar bhealach atá comhsheasmhach le beartas rúndachta na heagraíochta. Comhlíonann Ógras gach dea-chleachtas a bhaineann le stóráil, láimhseáil agus úsáid shlán nochtadh an Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin agus fhaisnéis

grinnfhiosrúcháin pearsanta de réir ár mBeartas Cosanta Sonraí agus de réir ár n-oibleagáidí dlíthiúla faoin Reachtaíocht um Chosaint Sonraí Acts 1988, 2003, 2011, 2018.

**10 Cúinsí maidir leis an tairiscint don Obair/Obair dheonach a tharraingt siar**

Tógann Ógras na nithe seo a leanas san áireamh mar fhorais réasúnacha chun tairiscint nó deis fostaíochta/ról mar oibrí deonach a tharraingt siar do dhuine aonair:

- Cúisíodh nó ciontaíodh an duine i gcion gnéasach;
- Cúisíodh an duine aonair, nó ciontaíodh an duine aonair i gcion a bhaineann le drochíde linbh, nó duine fásta leochaileach, nó ciontú ina leith;
- Cúisíodh an duine aonair, nó ciontaíodh é as úinéireacht, táirgeadh nó dáileadh pornagrafaíochta leanaí

Measann Ógras go bhfuil liosta na gcionta seo a leanas ábhartha, agus breithneofar ar gach cás ar bhonn cás ar chás:

- Cionta i gcoinne an duine, i.e. ionsaí, ciapadh, comhéigniú;
- Sáruithe ar mhuinín, e.g. calaois, goid, gadaíocht;
- Cionta in aghaidh maoine e.g. coirloscadh, robáil armtha;
- Foréigean Baile;
- Cionta in aghaidh an stáit.

Tá Ógras aireach gan tús a chur le beartais a thoirmisceann i gcoinne dhaoine athshlánaithe gan chall. Cinnfear cásanna den tsaghas sin go hoibiachtúil ar bhonn cás ar chás de réir na gcritéar a leagtar amach faoi mír 5 - Prionsabail

**11 Próiseas Achomhairc**

Cé go bhfuil an fócas ar leanaí agus ar dhaoine fásta leochaileacha a chosaint, tá cosaintí agus próisis chuí ann dóibh siúd go ndéantar grinnfhiosrú orthu, an ceart achomharc a dhéanamh ina measc. Ba cheart achomhairc a dhéanamh i scríbhinn chuig an Duine Idirchaidrimh laistigh de 14 lá ó eisíodh an cinneadh.

**Aguisín le Beartas Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána**
Sliocht as Sceideal 1, Cuid 1 agus Cuid 2 ó Bhille an Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012.

**Obair nó gníomhaíochtaí ábhartha a bhaineann le leanaí**

1. Aon obair nó aon ghníomhaíocht a bhíonn ar siúl ag duine, ar cuid riachtanach agus rialta di, go formhór, rochtain a bheith ag an duine ar leanaí, nó teagmháil a bheith aige nó aici le leanaí in:

   (a) bunú a sholáthraíonn seirbhísí réamhscoile de réir bhrí Chuid VII den Acht um Chúram Leanaí 1991,
   (b) scoil nó in ionad oideachais, de réir bhrí an Achta Oideachais 1998,
   (c) aon ospidéal nó ionad cúraim sláinte a fhaigheann, a dhéileálann nó a sholáthraíonn seirbhísí do pháistí,
   (d) ionad ainmnithe de réir bhrí ailt 2 den Acht Sláinte 2007, sa mhéid is go mbaineann sé le hinstitiúid a sholáthraíonn seirbhísí cónaithe de réir an Achta um Chúram Leanaí 1991,
   (e) aonad cúraim speisialta arna sholáthar agus arna chothabháil de réir alt 23K den Acht um Chúram Leanaí 1991,
   (f) scoil choimeádtha leanaí de réir bhrí ailt 3 den Acht Leanaí 2001.

2. Aon obair nó gníomhaíocht a bhaineann le soláthar teagasc baile do dhuine de bhun na Scéime atá riartha agus maoinithe ag an Roinn Oideachais agus ar a dtugtar an Scéim Teagaisc Baile.

3. Aon obair nó gníomhaíocht a bhaineann le cóireáil, le teiripe nó le comhairleoireacht a sholáthair do leanbh ag duine le linn na hoibre nó na gníomhaíochta sin.

4. Aon obair nó gníomhaíocht a bhaineann le cúram nó le feitheoireacht ar leanaí mura ngabhann an cúram nó an fheitheoireacht le cúram nó le feitheoireacht dhaoine nach páistí iad.

5 Aon obair nó gníomhaíocht a bhaineann le gníomhaíochtaí oideachais, oiliúna, cultúrtha, caithimh aimsire, fóillíochta, sóisialta nó fisiciúla (cibé acu i gcomhair tráchtála nó aon bhreithniú eile) a sholáthar do pháistí ach amháin sa chás go mbíonn soláthar na ngníomhaíochtaí oideachais, oiliúna, cultúrtha, áineasa, fóillíochta, sóisialta nó fisiciúla seo teagmhasach le soláthar ghníomhaíochtaí oideachais, oiliúna, cultúrtha, áineasa, fóillíochta, sóisialta nó fisiciúla dhaoine nach leanaí iad.

6. Aon obair nó gníomhaíocht a bhaineann le seirbhísí comhairle, treorach, forbartha nó comhairleoireachta a sholáthar, (trí chumarsáid leictreonach idirghníomhach chomh maith) do leanaí mura bhfuil soláthar na comhairle, na treorach, na forbartha nó na comhairleoireachta ach teagmhasach do na seirbhísí sin a sholáthar do dhaoine nach leanaí iad.

7. Aon obair nó gníomhaíocht mar mhinistir nó mar shagart nó mar aon duine eile atá ag gabháil do chur chun cinn aon chreidimh.

8. Obair mar thiománaí feithicle seirbhíse poiblí nach n-úsáidtear ach chun leanaí a iompar.

9. Coiríocht a bheith curtha ar fáil ag duine, cibé ar chomaoin tráchtála nó eile, do leanbh ina theach féin.

10. Aon obair thaighde nó gníomhaíochtaí (cibé ar bith a thugtar cur síos air) a dhéantar in ollscoil, in institiúid teicneolaíochta nó i mbunú eile ina gcuirtear oideachas tríú leibhéal ar fáil nuair a bhíonn teagmháil le leanaí nó rochtain ar leanaí mar chuid riachtanach agus rialta den obair nó den ghníomhaíocht taighde.

11. Aon iarratas ó dhuine chun ionad ainmnithe a sheoladh nó a bhainistiú de réir bhrí ailt 2 den Acht Sláinte 2007.

12. Aon iarratas ó dhuine ar dhearbhú incháilitheachta agus oiriúnachta de réir bhrí ailt 3 den Acht Uchtála 2010.

13. Aon mheasúnú ar oiriúnacht dhuine gníomhú mar chúramóir altrama trí nó faoi Alt 39 den Acht um Chúram Leanaí 1991.

14. Aon mheasúnú trí nó faoi alt 41 den Acht um Chúram Leanaí 1991 ar oiriúnacht dhuine gníomhú mar chúramóir linbh a bhfuil sé nó sí gaolta leis nó léi.

15. Aon obair nó aon ghníomhaíocht a bhíonn ar siúl ag duine, ar cuid riachtanach agus rialta di, go formhór, rochtain a bheith ag an duine ar leanaí, nó teagmháil a bheith aige nó aici le leanaí e bhun na n-achtachán seo a leanas:

(a) Acht na Lia-Chleachtóirí 2007;
(b) Acht na nAltraí 1985;
(c) Acht na nAltraí agus na mBan Cabhrach 2011;
(d) Acht na bhFiaclóirí 1985;
(e) An tAcht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh 2005;
(f) An tAcht Cógaisíochta 2007;
(g) Ordú (Bunú) na Comhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal, 2000 (Uimh. I.R. 109 de 2000);
(h) Ordú (Bunú) na Comhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal, 2000 (Leasú) 2004 (Uimh. I.R. 575 de 2004).

**CUID 2**
**Obair nó gníomhaíochtaí ábhartha a bhaineann le daoine leochaileacha**

1. Aon obair nó aon ghníomhaíocht a dhéanann duine, ar cuid riachtanach rialta di, go formhór, rochtain a bheith ag an duine ar dhaoine soghonta, nó teagmháil a bheith aige nó aici le daoine soghonta sna cómhthéacsanna seo a leanas:

(a) scoil nó ionad oideachais, de réir bhrí an Achta Oideachais 1998, ach amháin, i gcás lárionaid oideachais, nach bhfuil san obair nó sa ghníomhaíocht ach teagmhasach le hobair nó le gníomhaíochtaí a dhéantar maidir le daoine nach daoine leochaileacha iad,
(b) aon ospidéal nó ionad cúraim a phléann le, a thugann leigheas do, nó a sholáthraíonn seirbhísí do dhaoine leochaileacha,
(c) ionad ainmnithe de réir bhrí ailt 2 den Acht Sláinte 2007, sa mhéid is go mbaineann sé le hinstitiúid a sholáthraíonn seirbhísí cónaithe do dhaoine leochaileacha,
(d) ionad ceadaithe de réir bhrí Chuid 5 den Acht Meabhairshláinte 2001,
(e) aon eagraíocht nó saoráid a sholáthraíonn gníomhaíochtaí oideachais, oiliúna, cultúrtha, áineasa, fóillíochta, sóisialta nó fisiciúla (cibé acu do thráchtáil nó d'aon chomaoin eile) do dhaoine leochaileacha,
(f) in aon eagraíocht nó saoráid a sholáthraíonn seirbhísí leasa, comhairle, treorach, forbartha nó comhairleoireachta do dhaoine leochaileacha.

2. Aon obair nó gníomhaíocht a bhaineann le cóireáil, le teiripe nó le comhairleoireacht a sholáthair do dhuine leochaileach ag duine le linn na hoibre nó na gníomhaíochta sin.

3. Aon obair nó gníomhaíocht a bhaineann le cúram (soláthar seirbhísí sóisialta sláinte agus pearsanta san áireamh mar aon le seirbhísí baile riachtanacha) do dhaoine leochaileacha mura bhfuil an cúram ach teagmhasach do chúram daoine nach daoine leochaileacha iad.

4. Aon obair nó gníomhaíocht a bhaineann le gníomhaíochtaí oideachais, oiliúna, cultúrtha, caithimh aimsire, fóillíochta, sóisialta nó fisiciúla (cibé acu i gcomhair tráchtála nó aon bhreithniú eile) a sholáthar do dhaoine leochaileacha ach amháin sa chás go mbíonn soláthar na ngníomhaíochtaí oideachais, oiliúna, cultúrtha, áineasa, fóillíochta, sóisialta nó fisiciúla seo teagmhasach le soláthar ghníomhaíochtaí oideachais, oiliúna, cultúrtha, áineasa, fóillíochta, sóisialta nó fisiciúla dhaoine nach daoine leochaileacha iad.

5. Aon obair nó gníomhaíocht a bhaineann le seirbhísí comhairle, treorach, forbartha nó comhairleoireachta a sholáthar, (trí chumarsáid leictreonach idirghníomhach chomh maith) do dhaoine leochaileacha mura bhfuil soláthar na comhairle, na treorach, na forbartha nó na comhairleoireachta ach teagmhasach do na seirbhísí sin a sholáthar do dhaoine nach daoine leochaileacha iad.

6. Oibriú mar thiománaí feithicle seirbhíse poiblí nach n-úsáidtear ach chun daoine leochaileacha a iompar.

7. Aon obair nó gníomhaíocht mar mhinistir nó mar shagart nó mar aon duine eile atá ag gabháil do chur chun cinn aon chreidimh.

8. Coiríocht a bheith curtha ar fáil ag duine, cibé ar chomaoin tráchtála nó eile, do dhuine leochaileach ina theach féin.

9. Aon obair thaighde nó gníomhaíochtaí (cibé ar bith a thugtar cur síos air) a dhéantar in ollscoil, in institiúid teicneolaíochta nó i mbunú eile ina gcuirtear oideachas tríú leibhéal ar fáil nuair a bhíonn teagmháil le daoine leochaileacha nó rochtain ar dhaoine leochaileacha mar chuid riachtanach agus rialta den obair nó den ghníomhaíocht taighde.

10. Aon mheasúnú ar oiriúnacht dhuine gníomhú mar ionadaí cúraim faoi alt 21 den Acht um Scéim Tacaíochta Tithe Altranais 2009.

11. Aon iarratas ó dhuine chun ionad ainmnithe '10' a sheoladh nó a bhainistiú de réir bhrí ailt 2 den Acht Sláinte 2007.

12. Aon obair nó aon ghníomhaíocht a bhíonn ar siúl ag duine, ar cuid riachtanach agus rialta di, go formhór, rochtain a bheith ag an duine ar leanaí, nó teagmháil a bheith aige nó aici le leanaí e bhun na n-achtachán seo a leanas:

- (a) Acht na Lia-Chleachtóirí 2007;
- (b) Acht na nAltraí 1985;
- (c) Acht na nAltraí agus na mBan Cabhrach 2011;
- (d) Acht na bhFiaclóirí 1985;
- (e) An tAcht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh 2005;
- (f) An tAcht Cógaisíochta 2007;
- (g) Ordú (Bunú) na Comhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal, 2000 (Uimh. I.R. 109 de 2000);
- (h) Ordú (Bunú) na Comhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal, 2000 (Leasú) 2004 (Uimh. I.R. 575 de 2004).

**Sínithe:** **Stiúrthóir**

**Dáta: 18 Meitheamh 2026**